2023/2649

29.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2649 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Samhain 2023

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Hokoex' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2017, chuir Hokochemie GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach singil ar a dtugtar 'Hokoex' de chineál táirge 18, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug siad daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hEilvéise meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-TH035808-24 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é ciorómaisín an tsubstaint ghníomhach atá in 'Hokoex', substaint a chuimsítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le cineál táirge 18.

(3) An 25 Márta 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 4 Samhain 2021, chuir an Ghníomhaireacht na nithe seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 [2] – a tuairim, an dréacht-achoimre ar shaintréithe táirge bhithicídigh ('SPC') 'Hokoex', agus an tuarascáil dheireanach ar mheasúnú i ndáil leis an táirge bithicídeach singil.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach singil é 'Hokoex' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe d'údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe táirge bhithicídigh (SPC), go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 2 Nollaig 2021, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-SPC a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais a dheonú le haghaidh 'Hokoex'.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

[2] *ECHA opinion of 14 October 2021 on the Union authorisation of the biocidal product "Hokoex"* [Tuairim ECHA an 14 Deireadh Fómhair 2021 maidir le húdarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh 'Hokoex'] (ECHA/BPC/297/2021), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais darb uimhir údaraithe EU-0027471-0000 do Hokochemie GmbH chun an táirge bithicídeach singil 'Hokoex' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 19 Nollaig 2023 go dtí an 30 Samhain 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

Hokoex

Cineál táirge 18 - Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)

Uimhir an údaraithe: EU-0027471-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0027471-0000

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm (nó trádainmneacha) an táirge**

Trádainm (nó trádainmneacha)	HOKOEX Nialas Gabháil Elmadex Cyracid 2.0 HO.K.O. Meijerin Toukkatuho Cyracid 2.0 Diptosol But-ex Fly tomb 2.0 Neo-Larventox C BEG Madenstop Ultra Larvo-Mix BEG Larva C2 Ultra

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Hokochemie GmbH
	Seoladh	Pannerhofstrasse 7, 6353 Weggis, an Eilvéis
Uimhir an údaraithe	EU-0027471-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0027471-0000	
Dáta an údaraithe	an 19 Nollaig 2023	
Dáta éaga an údaraithe	an 30 Samhain 2033	

1.3. **Déantóir (nó déantóirí) an táirge**

Ainm an déantóra	Schirm GmbH
Seoladh an déantóra	Geschwister-Scholl-Strasse 127, 39218 Schönebeck an Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Dieselstrasse 8, 85107 Baar-Ebenhausen, an Ghearmáin

1.4. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	N-cioglaipróipil-1,3,5-trí-aisín-2,4,6-tríaimín (Ciorómaisín)
Ainm an déantóra	Jiangsu Flag Chemical Industry Co., Ltd
Seoladh an déantóra	Suyan Road, 210042 Nanjing, an tSín
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Huangyu Industrial Zone, - Shangtang, Zhejiang, an tSín

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir EC	Cion (%)
N-cioglaipróipil-1,3,5-trí-aisín-2,4,6-tríaimín (Ciorómaisín)		Substaint Ghníomhach	66215-27-8	266-257-8	2,0

2.2. **Cineál foirmlithe**

SG – Gráinnín intuaslagtha in uisce

3. **RÁITIS MAIDIR LE GUAIS AGUS RÉAMHCHÚRAM**

Ráitis ghuaise	Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana.
Ráitis réamhchúraim	Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Diúscair ábhar chuig (de réir rialáil áitiúil).

4. **ÚSÁID (NÓ ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 1 – cuileoga núise agus cuileoga prioctha a rialú i mbeostoc gairmiúil san fheirmeoireacht ghairmiúil — úsáideoirí gairmiúla

Cineál táirge	PT18 – Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Lairbhicíd chun cuileoga núise agus prioctha a rialú i mbeostoc gairmiúil: Faoi dhíon, lena n-úsáid i dtithíocht ainmhithe de na cineálacha ainmhithe seo a leanas in áiteanna nach bhfuil aoileach agus/nó tuartha eile comhbhrúite: bá déiríochta, eallach mairteola, laonna laofheola, cránacha i locaí aonair, cránacha i ngrúpaí, muca lena ramhrú, béaróga i saor-raon, béaróga i gcásanna ceallraí saibhrithe, sicíní cuibhrithe, turcaithe, lachain, géanna, coiníní, capaill, gabhair, caoirigh, agus minceanna.

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Muscidae: Gnáthainm: Cuileoga Céim na forbartha: Na céimeanna larbhacha uile
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoi dhíon i dtithíocht ainmhithe
Modh (nó modhanna) úsáide	Modh: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe: **Spraeáil ísealbhrú** - Cuir uisce leis an táirge suas go dtí thart ar leath den toirt uisce deiridh, corraigh go maith é, cuir tuilleadh leis go dtí go mbaintear an toirt deiridh amach agus corraigh go hachomair sula n-úsáidtear é. Spraeáil an lá céanna. I gcás ábhar orgánach tirim, ná húsáid ach trí spraeáil nó trí dhoirteadh. Modh: Doirteadh Tuairisc mhionsonraithe: **Doirteadh le canna spréite** - Cuir uisce leis an táirge suas go dtí thart ar leath den toirt uisce deiridh, corraigh go maith é, cuir tuilleadh leis go dtí go mbaintear an toirt deiridh amach agus corraigh go hachomair sula n-úsáidtear é. Úsáid an lá céanna é. Modh: Leathadh Tuairisc mhionsonraithe: **Scaipeadh tirim de láimh** — Cuir go díreach ar áiteanna ina bhforbraíonn cruimheanna cuileoga é. Ná leath ar aoileach tirim é ná ar aoileach a bhfuil dromchla triomaithe air. I gcás ábhar orgánach tirim, ná húsáid ach trí spraeáil nó trí dhoirteadh.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht úsáide	Ráta Úsáide: Spraeáil ísealbhrú: 25 g/m² (táirge neamhchaolaithe (gráinníní)) Caolú (%): Le haghaidh dromchla 10 m² cuir 250 g den táirge in uisce, líon suas go dtí toirt iomlán 1-4 L ag brath ar thaise na substráite atá le cóireáil. Líon agus minicíocht na n-úsáidí: **An chéad úsáid:** Go hidéalach go gairid tar éis an stábla a ghlanadh nó go díreach roimh shéasúr na gcuileog. Is féidir é a úsáid freisin nuair atá séasúr na gcuileog tosaithe. Mar gheall ar mhodh gníomhaíochta ciorómaisín, tosaíonn rialú larbhach éifeachtach go mall. Déanann an táirge bithicídeach rialú éifeachtúil ar dhaonraí cuileog ó choicís suas le 10 seachtaine tar éis cóireáil lairbhicídeach. **Athúsáid** Más gá, is féidir é a úsáid arís agus arís nuair a thagann larbhaí cuileoige ar ais. Maidir leis an líon úsáidí uasta, féach treoracha úsáide atá sonrach don roinn thíos. Ráta Úsáide: Doirteadh le canna spréite: 25 g/m² (táirge neamhchaolaithe (gráinníní))

	Caolú (%): Le haghaidh dromchla 10 m² cuir 250 g den táirge in uisce, líon suas go dtí toirt iomlán 4-10 L ag brath ar thaise na substráite atá le cóireáil. Líon agus minicíocht na n-úsáidí: **An chéad úsáid:** Go hidéalach go gairid tar éis an stábla a ghlanadh nó go díreach roimh shéasúr na gcuileog. Is féidir é a úsáid freisin nuair atá séasúr na gcuileog tosaithe. Mar gheall ar mhodh gníomhaíochta ciorómaisín, tosaíonn rialú larbhach éifeachtach go mall. Déanann an táirge bithicídeach rialú éifeachtúil ar dhaonraí cuileog ó choicís suas le 10 seachtaine tar éis cóireáil lairbhicídeach. **Athúsáid** Más gá, is féidir é a úsáid arís agus arís nuair a thagann larbhaí cuileoige ar ais. Maidir leis an líon úsáidí uasta, féach treoracha úsáide atá sonrach don roinn thíos. Ráta Úsáide: Scaipeadh tirim de láimh: 25 g/m² Caolú (%): Gráinníní a úsáid go díreach Líon agus minicíocht na n-úsáidí: **An chéad úsáid:** Go hidéalach go gairid tar éis an stábla a ghlanadh nó go díreach roimh shéasúr na gcuileog. Is féidir é a úsáid freisin nuair atá séasúr na gcuileog tosaithe. Mar gheall ar mhodh gníomhaíochta ciorómaisín, tosaíonn rialú larbhach éifeachtach go mall. Déanann an táirge bithicídeach rialú éifeachtúil ar dhaonraí cuileog ó choicís suas le 10 seachtaine tar éis cóireáil lairbhicídeach. **Athúsáid** Más gá, is féidir é a úsáid arís agus arís nuair a thagann larbhaí cuileoige ar ais. Maidir leis an líon úsáidí uasta, féach treoracha úsáide atá sonrach don roinn thíos.
Catagóir nó catagóirí úsáideoirí	Gairmí
Méideanna an phacáiste agus ábhar pacáistíochta	Méideanna: 1, 5, 7, 10, 12,5, 20, 25, 50 kg. Ábhair phacáistithe: Coimeádán PP nó PE (neamh-solúbtha) a bhfuil lipéad air is féidir a scriúáil (uasmhéid. 1 kg) Buicéad PP nó PE a bhfuil hanla air (neamh-solúbtha) (uasmhéid 10 kg) Sac craftpháipéir a bhfuil líneáil PP nó PE istigh ann (solúbtha) (uasmhéid 50 kg) Tiachóga PP nó PE (uasmhéid 25 kg), grúpáilte i gcartáin Mála PP nó PE i mbosca cartáin (uasmhéid 25 kg) Tiachóga alúmanaim a bhfuil líneáil PP nó PE istigh iontu grúpáilte i gcartáin (uasmhéid 5 kg)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Úsáid le spraeáil anuas brú íseal amháin ag baint úsáid as spraeire cnapsaic.

Caith coisbheart/buataisí téagartha le linn úsáid an táirge.

Is féidir an táirge a úsáid trí spraeáil, doirteadh nó scaipeadh tirim. Ní cheadaítear ach ceann amháin de na modhanna sonracha úsáide sin ina bhfuil a líon uasta úsáidí ar tháirgí bithicídeacha laistigh de bhliain amháin.

Eallach i loctaí beathaithe nó i locaí tógála (ba déiríochta, eallach mairteola, laonna laofheola):

Úsáid i mbanda 50 cm ar feadh na mballaí, faoi shuiteálacha innealra agus in aice leo. Is fearr an chéad úsáid a dhéanamh 1-3 lá tar éis aoileach a bhaint, nuair a thosaíonn aoileach a charnadh arís.

Spraeáil nó doirteadh:

— 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar bha déiríochta

— 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar eallach mairteola agus laonna laofheola

Scaipeadh tirim:

— 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar bha déiríochta

— 2 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar eallach mairteola agus laonna laofheola

Eallach ar urlár mogaill (ba déiríochta, eallach mairteola, laonna laofheola):

Úsáid i mbanda 50 cm ar feadh na mballaí, faoi shuiteálacha innealra agus in aice leo. Nuair a bhíonn aoileach leachtach á chóireáil, is féidir na gráinníní a scaipeadh go díreach. Is fearr an chéad úsáid a dhéanamh 1-3 lá tar éis aoileach a bhaint, nuair a thosaíonn aoileach a charnadh arís. I seideanna bó ina bhfuil urlár lataí úsáid go haonfhoirmeach ar an dromchla ar fad.

Spraeáil nó doirteadh:

— 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar bha déiríochta

— 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar eallach mairteola agus laonna laofheola

Scaipeadh tirim:

— 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar bha déiríochta

— 2 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana ar eallach mairteola agus laonna laofheola

Muca (cránacha i locaí aonair, cránacha i ngrúpaí agus muca lena ramhrú):

Úsáid i mbanda 50 cm ar feadh na mballaí, faoi shuiteálacha innealra agus in aice leo.

Spraeáil nó doirteadh: 2 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Scaipeadh tirim: 1 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Éanlaith chlóis (Sicín agus sicíní cuibhrithe — cásanna ceallraí agus saor-raon):

Sicíní cuibhrithe i saor-raon ina bhfuil easair nó urlár faoi ghráta, máthairshicíní cuibhrithe i saor-raon nó tógáil ina bhfuil urlár faoi ghráta (tógáil faoi dhíon), béaróga i gcásanna ceallraí saibhrithe nó i saor-raon ina bhfuil urlár easrach: Úsáid ar an dromchla ar fad. Cuir tús le cóireáil thart ar sheachtain tar éis tuartha a bhaint ach sula bhfuil 10 cm carntha.

Béaróga i saor-raon ina bhfuil urlár faoi ghráta: Úsáid ar an limistéar faoi áiteanna neadaithe agus umair bheatha.

Úsáid trí spraeáil nó trí dhoirteadh amháin: 1 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Éanlaith chlóis (Turcaithe, lachain agus géanna):

Úsáid ar an dromchla ar fad. Cuir tús le cóireáil thart ar sheachtain tar éis tuartha a bhaint ach sula bhfuil 10 cm carntha.

Spraeáil, doirteadh nó scaipeadh tirim: 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Coiníní:

Cóireáil dromchla iomlán na gclaiseanna faoi na cásanna thart ar 3 lá tar éis theacht na n-ainmhithe.

Spraeáil, doirteadh nó scaipeadh tirim: 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Capaill:

Úsáid i mbanda 50 cm ar feadh na mballaí, faoi shuiteálacha innealra agus in aice leo trí scaipeadh tirim, doirteadh nó spraeáil.

Is fearr an chéad úsáid a dhéanamh 1-3 lá tar éis aoileach a bhaint, nuair a thosaíonn aoileach a charnadh arís. Chun na torthaí is fearr a fháil úsáid ar limistéir easrach neamh-dhlúite.

Spraeáil nó doirteadh: 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Scaipeadh tirim: 2 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Seideanna gabhar agus caorach:

Cóireáil an dromchla easrach ar fad, an dromchla urláir ar fad faoi seach i gcás urlár lataí.

Spraeáil nó doirteadh: 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Scaipeadh tirim: 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Minceanna:

Cóireáil go díreach faoi na cásanna ina mbeidh tuartha ag titim le linn an timthrialla tógála.

1 chóireáil ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Tar éis úsáide, déantar aon táirge iarmharach a fholmhú den trealamh leata agus déantar é a shruthlú le huisce.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

— Le linn an táirge íon a láimhseáil (scaipeadh tirim láimhe, meascadh agus luchtú): caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh d'fhaisnéis an táirge).

— Le linn úsáid an táirge chaolaithe trí spraeáil nó le canna spréite agus le linn an trealamh spraeála nó an canna uisce a ghlanadh: caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh d'fhaisnéis an táirge) agus clúdaigh bhrataithe. Ní mór an limistéar a ndéanfar cóireáil air a bheith teoranta do 600 m^2 in aghaidh an úsáideora in aghaidh an lae.

— Cuir an soc agus brú an trealaimh spraeála in oiriúint chun ráta íosta 1 lítear/nóiméad a chinntiú.

— Bain úsáid as forchótaí cosanta indiúscartha (cineál 6, EN 13034 ar a laghad).

— Le húsáid i limistéir nach bhfuil inrochtana do leanaí agus sna limistéir sin amháin.

— Ná cuir an táirge go díreach ar ainmhithe.

— Ná cuir an táirge go díreach ar bhia, ar bheathú nó ar dheochanna ná i ngar dóibh, ná ar dhromchlaí nó uirlisí is dóchúil a dhéanfaidh teagmháil dhíreach le bia, beathú, deochanna agus beostoc.

— Ná stóráil in aice le bia, deoch ná ábhar beatha ainmhithe.

— Ná húsáid i stáisiúin phórúcháin ná i limistéir phórúcháin eile le haghaidh sicíní

— Ná húsáid an táirge bithicídeach i dtithíocht ainmhithe nuair nach féidir teagmháil le gléasra cóireála séarachais a sheachaint ná astaíocht dhíreach chuig uisce dromchla.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach leis an úsáid, sonraí maidir le héifeachtaí dóchúla díreacha nó indíreacha, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.1.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Úsáid # 2 – Cuileoga núise agus cuileoga prioctha a rialú i bhfeirmeoireacht ainmhithe – úsáideoirí neamhghairmiúla

Cineál táirge	PT18 – Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Lairbhicíd chun cuileoga núise agus prioctha a rialú i bhfeirmeoireacht ainmhithe: Faoi dhíon i dtithíocht ainmhithe (capaill, caoirigh, gabhair, coiníní, firéid).
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Muscidae: Gnáthainm: Cuileoga Céim na forbartha: Na céimeanna larbhacha uile
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoi dhíon i dtithíocht ainmhithe
Modh (nó modhanna) úsáide	Modh: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe: **Spraeáil ísealbhrú:** - Cuir uisce leis an táirge suas go dtí thart ar leath den toirt uisce deiridh, corraigh go maith é, cuir tuilleadh leis go dtí go mbaintear an toirt deiridh amach agus corraigh go hachomair sula n-úsáidtear é. Spraeáil an lá céanna. Modh: Leathadh

	Tuairisc mhionsonraithe: **Scaipeadh tirim** – Cuir go díreach ar áiteanna ina bhforbraíonn cruimheanna cuileoige é. Ná leath ar aoileach tirim é ná ar aoileach a bhfuil dromchla triomaithe air. I gcás ábhar orgánach tirim, ná húsáid ach trí spraeáil.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht úsáide	Ráta Úsáide: Spraeáil ísealbhrú: 25 g/m² (táirge neamhchaolaithe (gráinníní)) Caolú (%): Le haghaidh dromchla 10 m² cuir 250 g den táirge in uisce, líon suas go dtí toirt iomlán 1-4 L ag brath ar thaise na substráite atá le cóireáil. –Caolúchán 250 g i 1 L: 100mL ag teastáil in aghaidh an 1 m²; 5L ag teastáil in aghaidh an 50 m² – –Caolúchán 250g i 2 L: 200mL ag teastáil in aghaidh an 1 m²; 10L ag teastáil in aghaidh an 50 m² – –Caolúchán 250g i 3 L: 300mL ag teastáil in aghaidh an 1 m²; 15L ag teastáil in aghaidh an 50 m² – –Caolúchán 250g i 4 L: 400mL ag teastáil in aghaidh an 1 m2; 20L ag teastáil in aghaidh an 50 m² – Líon agus minicíocht na n-úsáidí: Mar gheall ar mhodh gníomhaíochta ciorómaisín, tosaíonn rialú larbhach éifeachtach go mall. Déanann an táirge bithicídeach rialú éifeachtúil ar dhaonraí cuileog ó choicís suas le 10 seachtaine tar éis cóireáil lairbhicídeach. Más gá, is féidir é a úsáid arís agus arís nuair a thagann larbhaí cuileoige ar ais. Maidir leis an líon úsáidí uasta, féach treoracha úsáide atá sonrach don roinn thíos. Ráta Úsáide: Scaipeadh tirim: 25 g/m² Caolú (%): Gráinníní a úsáid go díreach Líon agus minicíocht na n-úsáidí: Mar gheall ar mhodh gníomhaíochta ciorómaisín, tosaíonn rialú larbhach éifeachtach go mall. Déanann an táirge bithicídeach rialú éifeachtúil ar dhaonraí cuileog ó choicís suas le 10 seachtaine tar éis cóireáil lairbhicídeach. Más gá, is féidir é a úsáid arís agus arís nuair a thagann larbhaí cuileoige ar ais. Maidir leis an líon úsáidí uasta, féach treoracha úsáide atá sonrach don roinn thíos.
Catagóir nó catagóirí úsáideoirí	An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna an phacáiste agus ábhar pacáistíochta	**Méideanna:** 1,5 kg. **Ábhair phacáistithe:** Coimeádán PP nó PE (neamh-solúbtha) a bhfuil lipéad air is féidir a scriúáil (uasmhéid. 1 kg) Buicéad PP nó PE a bhfuil hanla air (dolúbtha) (uasmhéid 5 kg) Tiachóga PP nó PE (uasmhéid 5 kg), grúpáilte i gcartáin. Mála PP nó PE i mbosca cartáin (uasmhéid 5 kg) Tiachóga alúmanaim a bhfuil líneáil PP nó PE istigh iontu (uasmhéid 5 kg) Ní mór feiste tomhais a sholáthar le pacáistithe d'úsáideoirí príobháideacha.

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Caith coisbheart/buataisí téagartha le linn úsáid an táirge.

Ullmhaigh an tuaslagán spraeála trí thoirt iomchuí an táirge bhithicídigh a chur leis an toirt uisce ghlain is gá agus corraigh.

Déantar toirt iomchuí an táirge bhithicídigh a thomhas trí úsáid a bhaint as an bhfeiste dháileoige a chuirtear ar fáil sa phacáistiú i gcomhréir leis an tábla don ráta/do na rátaí úsáide agus don mhinicíocht.

Le haghaidh spraeáil: Ná húsáid an táirge seo ach amháin le gléas ísealbhrú a oibrítear de láimh (3 bhar nó faoina bhun) i gcomhcheangal le sciath spraeála más féidir.

Le haghaidh scaipeadh: Ná húsáid an táirge seo ach amháin trí úsáid a bhaint as an bhfeiste a chuirtear ar fáil sa phacáiste táirge.

Is féidir an táirge a úsáid trí spraeáil nó scaipeadh tirim. Ní cheadaítear ach ceann amháin de na modhanna sonracha úsáide sin ina bhfuil a líon uasta úsáidí ar tháirgí bithicídeacha laistigh de bhliain amháin.

Capaill:

Úsáid i mbanda 50 cm ar feadh na mballaí.

Is fearr an chéad úsáid a dhéanamh 1-3 lá tar éis aoileach a bhaint, nuair a thosaíonn aoileach a charnadh arís. Chun na torthaí is fearr a fháil úsáid ar limistéir easrach neamh-dhlúite.

Spraeáil: 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana

Scaipeadh tirim: 2 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana

Seideanna gabhar agus caorach:

Cóireáil an dromchla easrach ar fad, an dromchla urláir ar fad faoi seach i gcás urlár lataí.

Spraeáil: 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Scaipeadh tirim: 4 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Coiníní:

Cóireáil go díreach faoi na cásanna ina mbeidh tuartha ag titim le linn an timthrialla tógála. An chéad chóireáil thart ar 3 lá tar éis theacht na n-ainmhithe.

Spraeáil nó scaipeadh tirim: 5 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Firéid:

Cóireáil an bosca easrach faoi chásanna nó faoin limistéar easrach.

Spraeáil nó scaipeadh tirim: 1 úsáid ar a mhéad in aghaidh na bliana.

Ná déan gráinníní a leathadh ar aoileach tirim ná ar aoileach a bhfuil dromchla triomaithe air, déan iad a spraeáil.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

— Le húsáid i limistéir nach bhfuil inrochtana do leanaí agus sna limistéir sin amháin.

— Ná cuir an táirge go díreach ar ainmhithe.

— Ná cuir an táirge go díreach ar bhia, ar bheathú nó ar dheochanna ná i ngar dóibh, ná ar dhromchlaí nó uirlisí is dóchúil a dhéanfaidh teagmháil dhíreach le bia, beathú, deochanna agus beostoc.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach leis an úsáid, sonraí maidir le héifeachtaí dóchúla díreacha nó indíreacha, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3

Úsáid # 3 – Larbhaí cuileoige núise a rialú i saoráidí bainistithe dramhaíola – úsáideoirí gairmiúla

Cineál táirge	PT18 – Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Lairbhicíd chun cuileoga núise agus prioctha a rialú sna saoráid cóireála dramhaíola a leanas: Saoráidí MBT (cóireáil bhitheolaíoch mheicniúil) agus láithreáin múirínithe.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Muscidae: Gnáthainm: Cuileoga Céim na forbartha: Na céimeanna larbhacha uile
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoi dhíon ag saoráidí MBT (cóireáil mheicniúil bhitheolaíoch) Faoi dhíon ag láithreáin mhúirínithe
Modh (nó modhanna) úsáide	Modh: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe: **Spraeáil ísealbhrú** - Cuir uisce leis an táirge suas go dtí thart ar leath den toirt uisce deiridh, corraigh go maith é, cuir tuilleadh leis go dtí go mbaintear an toirt deiridh amach agus corraigh go hachomair sula n-úsáidtear é. Spraeáil an lá céanna.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht úsáide	Ráta Úsáide: 25 g/m² (táirge neamhchaolaithe (gráinníní)) Caolú (%): Le haghaidh dromchla 10 m² cuir 250 g den táirge in uisce, líon suas go dtí toirt iomlán 1-4 L ag brath ar thaise na substráite atá le cóireáil. Líon agus minicíocht na n-úsáidí: **An chéad úsáid:** An chéad chóireáil: Úsáid go luath san earrach roimh shéasúr na gcuileog más féidir. Mar gheall ar mhodh gníomhaíochta ciorómaisín, tosaíonn rialú larbhach éifeachtach go mall. Déanann an táirge bithicídeach rialú éifeachtúil ar dhaonraí cuileog ó choicís suas le 10 seachtaine tar éis cóireáil lairbhicídeach.

	Athúsáid: Athúsáid ar shuíomhanna MBT: Athchóireáil nuair a bhreathnaítear cruimheanna arís nó nuair a bhíonn limistéar cóireáilte cumhdaithe ag ábhar nua ina bhfuil comhábhair orgánacha níos mó ná 10 cm.
Catagóir nó catagóirí úsáideoirí	Gairmí
Méideanna an phacáiste agus ábhar pacáistíochta	Méideanna: 1, 5, 7, 10, 12,5, 20, 25, 50 kg. Ábhair phacáistithe: Coimeádán PP nó PE (neamh-solúbtha) a bhfuil lipéad air is féidir a scriúáil (uasmhéid. 1 kg) Buicéad PP nó PE a bhfuil hanla air (neamh-solúbtha) (uasmhéid 10 kg) Sac craftpháipéir a bhfuil líneáil PP nó PE istigh ann (solúbtha) (uasmhéid 50 kg) Tiachóga PP nó PE (uasmhéid 25 kg), grúpáilte i gcartáin Mála PP nó PE i mbosca cartáin (uasmhéid 25 kg) Tiachóga alúmanaim a bhfuil líneáil PP agus PE istigh iontu grúpáilte i gcartáin (uasmhéid 5 kg)

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Úsáid le spraeáil anuas brú íseal amháin ag baint úsáid as spraeire cnapsaic.

Láithreáin MBT:

Spraeáil ar an tsraith uachtair i gclais ghlactha atá suite faoi dhíon.

Ná cóireáil ach dramhaíl a stóráiltear in áiteanna stórála srianta, amhail claiseanna stórála nó coimeádáin.

Níor cheart áiteanna stórála dramhaíola a fhliuchghlanadh.

Ná húsáid an táirge ach ar dhramhaíl a loiscfear.

Láithreáin mhúirínithe:

Úsáid trí spraeáil ar an trian íochtarach d'airde na gcarn múirín.

Tar éis úsáide, déantar aon táirge iarmharach a fholmhú den trealamh leata agus déantar é a shruthlú le huisce.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

— Le linn an táirge íon a láimhseáil (scaipeadh tirim láimhe, meascadh agus luchtú): caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh d'fhaisnéis an táirge).

— Le linn úsáid an táirge chaolaithe trí spraeáil nó le canna spréite agus le linn an trealamh spraeála nó an canna uisce a ghlanadh: caith lámhainní cosanta atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán (ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh d'fhaisnéis an táirge) agus clúdaigh bhrataithe.

— Ní mór an limistéar a ndéanfar cóireáil air a bheith teoranta do 600 m^2 in aghaidh an úsáideora in aghaidh an lae.

— Cuir an soc agus brú an trealaimh spraeála in oiriúint chun ráta íosta 1 lítear/nóiméad a chinntiú.

— Bain úsáid as forchótaí cosanta indiúscartha (cineál 6, EN 13034 ar a laghad).

— Ní mór aon chuid den táirge a chaillfear san uisce a bhailítear sa chlais ghlactha a dhiúscairt mar dhramhaíl ghuaiseach.

— Ná cóireáil ach amháin faoi dhíon ag láithreáin MBT.

— Níor cheart dramhaíl a chóireáiltear faoi dhíon a stóráil lasmuigh.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach leis an úsáid, sonraí maidir le héifeachtaí dóchúla díreacha nó indíreacha, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1])

5.1. Treoracha úsáide

Ní mór na bearta bainistithe frithsheasmhachta ginearálta a leanúint:

— Ní mór úsáid an táirge seo a mhalartú le húsáid táirgí atá bunaithe ar shubstaintí gníomhacha eile a bhfuil modh gníomhaíochta difriúil acu chun frithsheasmhacht a sheachaint.

— Ná húsáid ach ag an dáileog mholta (0,5 g substaint ghníomhach/m²) chun rialú maith a bhaint amach (90 % nó os a chionn). Ní mór brú roghnúcháin córasach (lena gcumhdaítear daonraí iomlána) ar dhaonraí cuileog gan bhriseadh agus ró-thromchruinnithe (comhchruinnithe atá ard go hiomchuí) a sheachaint.

— Is féidir inmhíolú cuileog i dtithíocht ainmhithe a mheas trí mhodhanna faireacháin (e.g. faireachán ar larbhaí a bheith san aoileach nó daonra cuileog aosach le stiallacha gliú) roimh chóireáil cheimiceach.

— Is féidir úsáid táirgí bithicídeacha a chomhcheangal le bearta sláintíochta eile (e.g. aoileach a bhaint go minic) nó modhanna rialaithe neamhcheimiceacha (mar shampla, modhanna bitheolaíocha lena n-áirítear úsáid seadánóideach, i gcás ina bhfuil sé sin inmharthana ó thaobh tráchtála de) laistigh de chlár comhtháite rialaithe cuileog.

— Is féidir rialú a dhéanamh ar dhaonraí cuileog atá frithsheasmhach in aghaidh ciorómaisín trí scéim bainistíochta comhtháite lena n-áirítear straitéisí cultúrtha agus bitheolaíocha agus ceimiceáin (lairbhicídí agus aosaicídí) ar bhealach réasúnach.

— I gcás éifeachtúlacht laghdaithe nó éifeachtúlacht a ghlactar a bheith laghdaithe, déan teagmháil le gairmí.

— Cuir sealbhóir an údaraithe ar an eolas má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

5.2. Bearta maolaithe riosca

Féach bearta úsáidsonracha maolaithe riosca.

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Bearta garchabhrach

Frithnimh: Ní fios aon fhrithnimh ar leith a bheith ann. Cóireáil de réir siomptóim.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe.

I gCÁS IONANÁLÚ: Má tharlaíonn siomptóim cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Má tharlaíonn siomptóim cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Má tharlaíonn siomptóim, sruthlaigh le huisce. Bain na lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Má tharlaíonn siomptóim cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Bearta chun an comhshaol a chosaint

Scuab aon doirteadh gráinníní agus aistrigh go coimeádán inséalaithe é. Úsáid na gráinníní i gcomhréir leis na treoracha úsáide i gcás nach bhfuil siad éillithe ag aon leacht nó déan iad a dhiúscairt de réir na dtreoracha maidir le diúscairt shábháilte.

Ionsúigh doirteadh leachta le haon ionsúiteán agus déan iad a dhiúscairt i gcomhréir le rialacháin náisiúnta.

Ná sceith aon uisce níocháin ó threalamh cóireála go draenacha.

Ná sceith an táirge bithicídeach ná tuaslagán caolaithe an táirge bhithicídigh isteach sa chóras séarachais ná sa chomhshaol.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Déan an táirge, a iarmhair agus a phacáistiú a dhiúscairt i gcomhréir le rialacháin náisiúnta.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil in áiteanna nach bhfuil rochtain ag leanaí, peataí agus ainmhithe beostoic orthu.

Ná stóráil in aice le bia, deoch ná ábhar beatha ainmhithe.

Stóráil sa choimeádán bunaidh dúnta in áit thirim, ag 35 °C ar a mhéad, agus é cosanta ó sholas díreach agus ó thaise.

Seilfré: 5 bliana

6. **FAISNÉIS EILE**

Eilimint lipéid bhreise: Tá dé-ocsaíd sileacain éagruthach (nana) sa táirge bithicídeach.